



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2016**

**Scéim Mharcála**

**Gaeilge**

**Bonnleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis foilsithe seo ná an scéim chríochnaithe, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2016

## GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)

### SCÉIM MHARCÁLA

#### CUID I: AN CHLUASTUISCINT (120 marc)

##### Ceist 1 (14 marc)

- (a) Craoltóir Raidió = an tríú pictiúr ... 7 marc ) = **14 marc**  
(b) T-léine agus jions ... 7 marc )

##### Ceist 2 (14 marc)

- (a) Iascaire trálaera = an ceathrú pictiúr ... 7 marc ) = **14 marc**  
(b) Sos breá ... 7 marc )

##### Ceist 3 (8 marc)

- Siopa seodóra = an chéad phictiúr .. 8 marc ) = **8 marc**

##### Ceist 4 (8 marc)

- An bosca ag an mbarr ar chlé (tic nó saighead sa bhosca) .... 8 marc ) = **8 marc**

##### Ceist 5 (16 marc)

- (a) Grianmhar, te = an dara pictiúr ... 8 marc ) = **16 marc**  
(b) Seanbhean ... 8 marc )

##### Ceist 6 (20 marc)

- (a) I siopa leabhar 10 marc ) = **20 marc**  
(b) A deich a chlog .. 10 marc )

##### Ceist 7 (20 marc)

- (a) Dé Sathairn ... 10 marc ) = **20 marc**  
(b) Péinteáil ... 10 marc )

##### Ceist 8 (20 marc)

- (a) Chun bille a íoc ... 10 marc ) = **20 marc**  
(b) Ar an mbord ... 10 marc )

## CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

### Ceist 1: Meaitseáil

(40 marc)

Uimhir an phictiúir	Litir
1	C
2	H
3	E
4	G
5	J
6	I
7	A
8	B
9	F
10	D

**10 x 4 mharc = 40 marc**

#### An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) agus an t-iomlán ag bun an leathanaigh, agus dhá líne faoi.
- An t-iomlán a chur in aice le huimhir na ceiste, agus ciorcal timpeall air agus é a aistriú go dtí an bosca cuí ar an ngeille ar an gclúdach.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.
- Iomlán carnach a bhreacadh ag bun an leathanaigh.

**(a) Litir (25 marc)**

- |    |                 |              |                  |
|----|-----------------|--------------|------------------|
| 1. | 29 Feabhra      | ... 5 mharc) |                  |
| 2. | Grád B          | ... 5 mharc) |                  |
| 3. | Peil            | ... 5 mharc) | = <b>25 marc</b> |
| 4. | Foirm iarratais | ... 5 mharc) |                  |
| 5. | Stiúrthóir      | ... 5 mharc) |                  |

**(b) Bróisiúr (25 marc)**

- |    |                             |              |                  |
|----|-----------------------------|--------------|------------------|
| 1. | I measc na gcnoc            | ... 5 mharc) |                  |
| 2. | Baile Bhuirne               | ... 5 mharc) |                  |
| 3. | Ar bharr na gcnoc           | ... 5 mharc) | = <b>25 marc</b> |
| 4. | Cór Chúil Aodha             | ... 5 mharc) |                  |
| 5. | Amhránaíocht ar an sean-nós | ... 5 mharc) |                  |

**(c) Scéal Nuachta (25 marc)**

- |    |                    |              |                  |
|----|--------------------|--------------|------------------|
| 1. | Mí an Mhárta       | ... 5 mharc) |                  |
| 2. | Na tuismitheoirí   | ... 5 mharc) |                  |
| 3. | Sa seomra suí      | ... 5 mharc) | = <b>25 marc</b> |
| 4. | D'imir siad cártaí | ... 5 mharc) |                  |
| 5. | An bothán adhmaid  | ... 5 mharc) |                  |

**Nóta:** Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 6 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) Alt (30 marc)**

1. Henry Shefflin ... 6 mharc)
2. 2000 ... 6 mharc)
3. Deich n-uaire ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Bhris sé cnámh ina chos chlé ... 6 mharc)  
Bhris sé a chos chlé = 6 mharc  
Bhris sé a chos chlé, mar shampla, nuair a bhí sé ag imirt dá chlub i mí na Nollag 2012 = 6 mharc  
Tharla gortú dó cúpla uair..... i mí na Nollag 2012. (Dhá abairt le chéile) = 6 mharc  
Bhris sé cnámh ina chos = 5 mharc  
Ghortaigh sé cnámh ina chos chlé = 5 mharc  
Bhris sé a chos = 4 mharc  
Ghortaigh sé a chos chlé = 4 mharc  
An t-alt ar fad: “Bronnadh ..... 2012” = 2 mharc  
Bhris sé cnámh = 3 mharc  
Ghortaigh sé a chos = 3 mharc
5. Ar theilifís RTÉ ... 6 mharc)

**(b) Giota (30 marc)**

1. Northampton ... 6 mharc)
2. Snámh ... 6 mharc)
3. Ceoltóir ... 6 mharc) = **30 marc**
4. Chun clú agus cáil a bhaint amach mar amhránaí ... 6 mharc)  
Chun clú a bhaint amach mar amhránaí = 6 mharc  
Chun cáil a bhaint amach mar amhránaí = 6 mharc  
Sa bhliain 2007.....mar amhránaí = 6 mharc  
Bhí sí míshásta .....mar amhránaí. (Dhá abairt) = 6 mharc  
Chun clú (nó cáil) a bhaint amach = 3 mharc  
Mar amhránaí = 2 mharc “Amhránaí” leis féin = 0
5. Foden ... 6 mharc)

**(c) Véarsaí (30 marc)**

1. Sionnach ... 6 mharc)
2. I lár na cathrach ... 6 mharc)
3. Bia blasta ... 6 mharc) = **30 marc**

Faighim bia blasta a shásaíonn mo chroí = 6 mharc

Sceallóga nó sicín nó fiú uachtar reoite = 6 mharc

Dhá chineál bia ó Véarsa 2, líne 3 = 6 mharc (sceallóga nó sicín = 6 mharc **nó** sicín nó fiú uachtar reoite = 6 mharc **nó** sceallóga nó fiú uachtar reoite = 6 mharc)

Véarsa 2, Línte 1 agus 2 le chéile = 6 mharc

Véarsa 2, Línte 1, 2 agus 3 le chéile = 6 mharc

Véarsa 2, Línte 3 agus 4 le chéile = 6 mharc

Véarsa 3 ar fad mar fhreagra = 4 mharc

4. Bia dóite ... 6 mharc)
5. I rith an lae ... 6 mharc)

**Nóta:** Suimigh an dá mhóriomlán is airde a bhronntar agus scríobh an móriomlán in aice le huimhir na ceiste ar leathanach 9 agus cuir ciorcal timpeall air. Cuir lúibíní cearnacha timpeall iomlán na míre nach gcuirtear san áireamh.

*Comhairle speisialta*

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem'*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

**Ní ceartú atá i gceist anseo ach measúnú agus marcáil.**

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide (**Cum**) agus Cruinneas Gaeilge (**Cr**).

**Cumas Cumarsáide (Cum):**

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

**Cruinneas Gaeilge (Cr):**

- (i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus cruinneas gramadaí
- (ii) Foclóir - cruinneas agus oiriúnacht foclóra
- (iii) Litríú

**Ábhar nach bhfuil 'ad rem':**

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach fo-cheiste.

**Ábhar Neamhghnách:**

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**Ná glac le Béarla.**

**Nóta:** Má dhéantar an dá rogha i gCeist 4 nó i gCeist 5, marcáil an dá iarracht agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnacha thart ar an marc is ísle. Scríobh an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste.



**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

**(a) Fógra (40 marc)**

Cumas Cumarsáide = 30 marc

= **40 marc**

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

**Tasc** → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide**

= **30 marc**

(i) Leagan Amach = 1 mharc

- Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal *Fógra* agus san imeall) = 1 mharc

(ii) Treoracha = 29 marc

• **Pictiúr 1 (8 marc)**

- Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc
- Cén áit a mbeidh sí? 4 mharc

• **Pictiúr 2 (13 mharc)**

- Cén lá? 4 mharc
- Dáta? 3 mharc
- Am? 3 mharc
- Cead isteach? 3 mharc

• **Pictiúr 3 (4 mharc)**

- Cén t-aoi speisialta? 4 mharc

• **Pictiúr 4 (4 mharc)**

- Cá rachaidh an t-airgead? 4 mharc

Leagan Amach = 1 mharc

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8 marc

Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13 mharc

Pictiúr 3 = 4 = 4 mharc

Pictiúr 4 = 4 = 4 mharc

Cumarsáid	Cum (30) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (10) =

**Cruinneas Gaeilge**

= **10 marc**

Bronn marc as 10 ar chaighdeán na Gaeilge san iarracht iomlán.

## Iarracht ar fhógra 1 mharc

Más iarracht ar Fhógra atá ann cuir tic leis an bhfocal “Fógra” agus bronn marc amháin (sa cholún).

**Pictiúr 1 Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc**  
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: *Ceolchoirm, Oíche cheoil, Seisiún Ceoil, Seó Tallainne, Comórtas ceoil/amhránaíochta, Grúpa ceoil ainmnithe, An clár “The Voice”, Taispeántas ceoil...*  
Glac leis na freagraí seo ar 2 mharc: *Ceol, amhránaíocht*  
“The Voice” leis féin = 0

**Pictiúr 1 Cén áit? 4 mharc**  
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc: *Halla ainmnithe, Halla na Scoile/Óstán ainmnithe, Halla + Ainm nó Halla + áit*  
Glac leis an iarracht seo ar 3 mharc: *sa halla*  
Glac leis na hiarrachtaí seo ar 2 mharc: *sa scoil; san óstán*  
Glac leis na hiarrachtaí seo ar 1 mharc: *scoil; óstán; Ainm áite i nGaeilge*  
Ná bronn aon mharc ar “halla” **nó** ainm áite i mBéarla

**Pictiúr 2 Cén lá? 4 mharc**  
Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc.  
Glac le lá ar bith atá ainmnithe: *inniu, anocht, amárach, ag an deireadh seachtaine, gach Luan..., Ó Luan go Satharn, an tseachtain seo chugainn...*  
Beidh pionós -1 i gceist má luaitear an Aimsir Chaite: *Dé Luain seo caite...*

**Pictiúr 2 Dáta? 3 mharc**  
Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.  
Samplaí: *13 Aibreán, 26 Bealtaine 2016...*  
Glac le raon dátaí mar shampla: *4 Feabhra – 6 Feabhra*  
Pionós -1 i gceist i gcás figiúirí mar shampla *8/6, 16/7/2016...*  
Pionós -1 i gceist má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: *Meitheamh, Meitheamh 2016*  
Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *3ú – 5ú (gan an mhí)*  
Ná bronn aon mharc ar fhiigiúr lom.

**Pictiúr 2 Am? 3 mharc**  
Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs  
Samplaí: *Ocht a chlog, 8 p.m, Am lóin, 4 p.m - 6 p.m, tar éis na scoile, meánlae...*

**Pictiúr 2 Cead isteach? 3 mharc**  
Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le cead isteach.  
Samplaí: *Cead isteach: €5, Cúig euro ag an doras, Ticéad €5, Táille €5, Saor in aisce...*

Pionós -2 i gceist i gcás méid airgid leis féin nó sa chás go bhfuil an comhartha euro/airgid in easnamh

**Pictiúr 3 Cén t-aoi speisialta? 4 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil.

Samplaí : *Aoi Speisialta – Paul O’Connell, Beidh Paul O’Connell ann/i láthair, Beidh Paul O’Connell mar aoi speisialta, Fear an tí:Paul O’Connell...*

Pionós -2 i gcás a leithéid de: *Speisialta – Paul O’Connell, tá Paul O’Connell speisialta*

Pionós -3 i gcás ainm lom *Paul O’Connell* gan aon cheangal/gan aon ionramháil.

Ná glac le hainm eile nó le haoi eile (fear nó bean).

**Pictiúr 4 Cá rachaidh an t-airgead? 4 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go *Peataí ar Strae*.

Samplaí: *Ar son Peataí ar Strae, Ar son madraí agus cait ar strae, Airgead ag dul go (dtí) Peataí ar Strae...*

Glac leis na hiarrachtaí seo ar 3 mharc: *Airgead = Peataí ar Strae, Airgead: Peataí ar Strae, Airgead → Peataí ar Strae...*

Glac leis an iarracht seo ar 2 mharc: *Madraí agus cait gan ar strae luaite.*

Glac leis an iarracht seo ar 1 mharc: *Peataí ar Strae*

**Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.**

- Leagan Amach = 1
- Pictiúr 1 = 4 + 4 = 8
- Pictiúr 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pictiúr 3 = 4 = 4
- Pictiúr 4 = 4 = 4

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid Cum (30) =

Cruinneas Gaeilge Cr (10) =

## Nó

### (b) Foirm Iarratais (40 marc)

Cumas Cumarsáide	= 30 marc		
		=	<b>40 marc</b>
Cruinneas Gaeilge	= 10 marc		

Tasc → Foirm Iarratais a líonadh – tá ceisteanna le freagairt agus **alt gearr** (timpeall 40 focal) le scríobh.

**Cumas Cumarsáide** = **30 marc**

#### An Córas Marcála

Uimhir theileafóin	1 mharc	2 mharc
Seoladh	2 mharc	4 mharc
Aois	1 mharc	2 mharc
Dáta Breithe	1 mharc	2 mharc
Cén Scrúdú Teistiméireachta?	1 mharc	2 mharc
<b>Cúig</b> ábhar scoile sa scrúdú	5 mharc	10 marc
<b>Trí</b> chaitheamh aimsire	1½ mharc	3 mharc
An imríonn tú galf?	½ mharc	1 mharc
Obair gach deireadh seachtaine?	½ mharc	1 mharc
An féidir leat tarracóir a thiomáint?	½ mharc	1 mharc
Cén post ba mhaith leat?	½ mharc	1 mharc
Dáta (ag bun na foirme)	½ mharc	1 mharc
	<b>15 mharc</b>	<b>30 ÷ 2 = 15</b>

**Nóta:** Ná bíodh ½ mharc le feiceáil in aon áit (m.sh. 21 ÷ 2 = 11 mharc)

- **Uimhir theileafóin:** Beifear ag súil leis an gcód i gcás an fhóin póca: 085 1234567
- **Seoladh:** Beidh dhá chuid ag teastáil, as Gaeilge más féidir. (2+2) **ach** “Cumann Gailf na Cille, An Cabhán” = 0 + 2 = 2 mharc
- **Aois:** Glac le figiúirí ach an aois a bheith réasúnta cruinn.
- **Dáta Breithe:** Dhá chuid ag teastáil, i bhfocail nó i bhfigiúirí, mar shampla, lá + mí litrithe, mí litrithe + bliain, trí chuid i bhfigiúirí: 23/4/1998, Márta 1998, 23 Márta ...
- **Cén Scrúdú Teistiméireachta?:** Glac leis na scrúduithe seo a leanas: Ardeistiméireacht nó Teastas Sóisearach.
- **Cúig ábhar scoile sa scrúdú:** Ná glac le hábhar ar bith i mBéarla seachas LCVP. Glac le hábhar ar bith a dhéantar ar scoil agus iarracht déanta ar é a litriú i gceart as Gaeilge. Cuir tic le gach ábhar.
- **Trí chaitheamh aimsire:** Glac le drochlitríú más léir gur leagan Gaeilge atá ann.
- **An imríonn tú galf?:** Glac leis na freagraí seo a leanas: imrím/ní imrím, tá/níl, sea/ní hea.

- **An mbeidh tú sásta a bheith ag obair gach deireadh seachtaine?:** Glac leis na freagraí seo a leanas: beidh/ní bheidh, tá/níl, sea/ní hea.
- **An féidir leat tarracóir a thiomáint?:** Glac leis na freagraí seo a leanas: is féidir/ní féidir, tá/níl, sea/ní hea.
- **Cén post ba mhaith leat?:** Glac le tic amháin.
- **Dáta** (ag bun na foirme): Glac le figiúirí.

(ii) An t-Alt Gearr (timpeall 40 focal)

**15 mharc**

- Cumarsáid a mharcáil as (15) má tá an t-alt “ad rem”. Ní mór don iarrthóir tagairtí a dhéanamh don chumann gailf agus do bheith ag lorg oibre/ag obair sa chumann gailf.
- Ná bronn marc níos airde ná 8 as 15 mura bhfuil tagairt(i) san alt d’obair/do phost sa chumann gailf.
- Cumarsáid a mharcáil as (5) mura bhfuil an t-alt “ad rem”.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta. Mar shampla mura bhfuil ann ach 30 focal agus é a bheith “ad rem”, déanfar an t-alt a mharcáil as 15 mharc agus bainfear 25% den mharc bronnta.

**Cruinneas Gaeilge**

**= 10 marc**

Caithfidh an marc don Chruinneas a bheith bunaithe ar an iarracht ina hiomláine (na freagraí ar na ceistanna agus an t-alt gearr (timpeall 40 focal)).

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid                      Cum (30)                      =

Cruinneas Gaeilge              Cr (10)                      =

---

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a) Cuntas (50 marc)**

Cumas Cumarsáide = 37 marc

**= 50 marc**

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

(a) Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar an ábhar:  
“**Cóisir Lá Breithe**” mar atá léirithe sa phictiúr.

**Cumas Cumarsáide** **= 37 marc**

- Níor mhór **cúig** thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d’imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ( $37-5_t = 32$ )
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

**Glac le tagairtí do na rudaí seo a leanas:**

Insint faoi bheith i láthair ag an gcóisir; daoine eile a bhí ag an gcóisir; an t-atmaisféar; banna/ceoltóirí ag seinm ag an gcóisir; an dáta; an t-am; an oíche; aoi speisialta; cáca/coinnle; bia ar fáil ag an gcóisir; aois an déagóra; an áit; ag damhsa agus ag canadh; ag ithe agus ag ól; ag caint agus ag gáire; grianghrafadóir; ag glacadh grianghraf; bronntanais; éadaí; tuairim faoin gcóisir; ar thaitin an chóisir leat?; bus go dtí an dioscó...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T<sub>1</sub>, T<sub>2</sub>, T<sub>3</sub>, T<sub>4</sub>, T<sub>5</sub>

**Cruinneas Gaeilge** **= 13 mharc**

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	Cum (37) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (13) =

## Nó

### (b) Eachtra (50 marc)

Cumas Cumarsáide	= 37 marc	
Cruinneas Gaeilge	= 13 mharc	= 50 marc

Tasc → Scríobh faoi Eachtra (timpeall 90 focal) a tharla **agus tú ag dul go dtí an stáisiún traenach le do chara.**

#### Cumas Cumarsáide = 37 marc

- Bheadh tagairt amháin do gach aon pictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. **Cúig** thagairt ag teastáil san iomlán. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5) i gcás gach tagairt in easnamh. ( $37-5=32$ )
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta: (mar shampla: mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcana bronnta agus bainte a léiriú.

#### Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Tá **cúig** thagairt ag teastáil. Ceann do gach pictiúr ( $T_1, T_2, T_3, T_4$ ) agus aon tagairt amháin eile ( $T_5$ ).

Pionós -5 i leith gach tagairt atá in easnamh a bhaint den 37 marc atá ar fáil don Chumarsáid anseo.

Marcáil an Chumarsáid as an marc atá fágtha ina dhiaidh sin (37, 32, 27, 22, nó 17).

#### Glac leis na tagairtí seo a leanas:

##### Pictiúr 1

Ag dul ar thuras; ag fágáil an tí; ag déanamh glaoch teileafóin; ag lorg tacsáí; ag dul go dtí an stáisiún traenach; an t-am; ag iompar málaí/bagáiste; áthas/sceitimíní orthu; an lá; buartha faoi rud éigin...

##### Pictiúr 2

Ag dul isteach sa tacsáí; go raibh siad in am nó déanach; málaí á gcur isteach; ag féachaint ar uaireadóir; an t-am; ag brostú; an aimsir...

### Pictiúr 3

An trácht go dona; an trácht stoptha; ag éirí déanach; ag íoc airgid leis an tiománaí; nóta €20; stop an bháisteach; imní/buairt/fearg orthu ...

### Pictiúr 4

Shroich siad an stáisiún ag...; rith/bhrostaigh siad go dtí an stáisiún; bhí siad ródhéanach don traein; bhí an traein imithe; fearg/brón/díomá orthu; ag gol/ag screadach; fear ar an ardán le bratach; traein eile ar leathuair tar éis a naoi...

Léirigh na tagairtí ar an script mar seo: T<sub>1</sub>, T<sub>2</sub>, T<sub>3</sub>, T<sub>4</sub>, T<sub>5</sub>

**Cruinneas Gaeilge**

**= 13 mharc**

Léiriú na marcanna ag bun an fhreagra:

Cumarsáid	Cum (37) =
Cruinneas Gaeilge	Cr (13) =



### Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

#### Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Foirm Iarratais

#### Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra

Marcáil an t-ábhar sna freagraí i gCeist 4 agus i gCeist 5 de réir na gnáthscéime marcála.

#### Ceist 4 (a) nó (b) Fógra nó Foirm Iarratais

**Cruinneas Gaeilge = 10 marc**

#### Ceist 5 (a) nó (b) Cuntas nó Eachtra

**Cruinneas Gaeilge = 13 mharc**

Déantar measúnú ar Chruinneas Gaeilge na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn, Cruinnúsáid na Copaile; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfocal; ...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus marc as 10 nó as 13 á bhronnadh ar an iarracht: litriú; úsáid an úraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí ...

		<b>Ceist 4 (a) nó (b) Marc as 10</b>	<b>Ceist 5 (a) nó (b) Marc as 13</b>
Sármhaith	Cruinnúsáid shármhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	9-10	12-13
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	7-8	10-11
Maith	Cruinnúsáid mhaith de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	5-6	8-9
Maith go leor	Cruinnúsáid maith go leor de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	4	6-7
Lag	Cruinnúsáid lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	3	4-5
An-lag	Cruinnúsáid an-lag de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	2	2-3
Easnamhach	Cruinnúsáid easnamhach de ghnéithe ainmnithe den ghramadach	1	1

Ní mór don scrúdaitheoir “**SMM i bhfeidhm-scrúd.**” a scríobh ar chlúdach an fhreagarleabhair nuair a chuirtear an Scéim Mhodhnaithe Mharcála i bhfeidhm.

## AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA

### Ceist a hAon (Canúint na Mumhan)

Is mise Ciara Nic Eoin. D'fhág mé an scoil seacht mbliana ó shin. Rinne mé cúrsa faisin i nGaillimh agus ansin, d'oibrigh mé i siopa éadaí. D'fhág mé mo phost sa siopa éadaí tar éis bliana. Faoi láthair, tá mé ag obair i stáisiún raidió. Is craoltóir raidió mé agus bíonn mo chlár féin agam idir a hocht agus a haon déag gach oíche ó Luan go hAoine. Casaim ceirníní ceoil agus bíonn aíonna speisialta agam sa stiúideo. Nuair a bhím sa stiúideo raidió, caithim t-léine agus jóns, mar ní féidir leis na héisteoirí mé a fheiceáil. Ach nuair a théim amach go dtí an club oíche, caithim gúna faiseanta agus spéaclaí gréine. Éist le mo chlár raidió uair éigin, beidh fáilte romhat.

### Ceist a Dó (Canúint Chonnacht)

Is mise Diarmaid Ó Néill. Tá mé cúig bliana is fiche d'aois. Chaith mé cúpla bliain ag obair mar fhear poist agus tamall eile ag obair i ngaráiste. Ach anois is iascaire mé. Bím ag obair ar thrálaer amuigh ar an Atlantach. Is obair chrua í. Caithimid dhá oíche i ndiaidh a chéile ag iascaireacht. Fillimid abhaile ar an tríú lá. Bíonn ceathrar mar chriú ar an trálaer i gcónaí. Uaireanta bíonn a lán iasc againn ach uaireanta eile ní bhíonn. Tagann úinéirí na mbialann go dtí an caladh agus ceannaíonn siad na héisc uainn. Faighimid airgead maith. Ní féidir linn dul amach ar an bhfarraige nuair a bhíonn an aimsir go dona. Faighim sos breá ansin. B'fhéidir go gceannóidh mé trálaer nua dom féin lá éigin.

### Ceist a Trí (Canúint Uladh)

*Ar an mbóthar... gluaisteán ag stopadh*

**Bean:** Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail. Tá mé i ndiaidh dul ar strae. An bhféadfá a insint dom an bhfuil siopa seodóra ar an tsráid seo? Chaill mé m'uaireadóir agus ba mhaith liom ceann nua a cheannach.

**Fear:** Níl siopa seodóra ar an tsráid seo. Inseoidh mé duit cén áit le dul. Téigh chomh fada leis an leabharlann ag barr na sráide. Cas ar dheis ansin os comhair an bhainc. Feicfidh tú sráid eile os do chomhair amach. Lean ort síos an tsráid sin agus feicfidh tú an siopa seodóra in aice leis an siopa bróg.

**Bean:** Go raibh míle maith agat, a dhuine uasail. Rachaidh mé díreach ansin anois.

## Ceist a Ceathair (Canúint Chonnacht)

*Ar an mbóthar...gluaisteán ag stopadh.*

**Fear:** Dia duit. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil stáisiún na ngardaí? Teastaíonn uaim dul ann mar caithfidh mé foirm a fháil do phas nua.

**Bean:** Inseoidh mé duit láithreach cá bhfuil stáisiún na ngardaí. Lean ort díreach ar aghaidh chomh fada leis na soilse tráchta. Cas ar chlé ansin. Téigh thar an linn snámha agus cas ar dheis. Tá stáisiún na ngardaí ag barr na sráide sin ar thaobh na láimhe clé.

**Fear:** Díreach ar aghaidh. Ar chlé ag na soilse tráchta agus ansin thar an linn snámha agus cas ar dheis ansin agus suas go barr na sráide. Go raibh míle maith agat.

**Bean:** Fáilte romhat, a dhuine uasail. Slán.

## Ceist a Cúig (Canúint na Mumhan)

Nuacht an oirthir:

Bhí slua mór daoine ar an trá i bPort Mearnóg an deireadh seachtaine seo caite. Bhí sé scamallach fliuch ar an Aoine. Ach tháinig feabhas ar an aimsir Dé Sathairn. Bhí sé griannmar te agus ní raibh gaoth ar bith ag séideadh. Bhí an trá dubh le daoine idir óg agus aosta. Bhí an t-uisce fuar áfach agus bhí an tseirbhís tarrthála gnóthach. Shábháil siad beirt chailíní a thit ar na carraigeacha agus tháinig siad i gcabhair ar bhuaichail óg a bhí i dtrioblóid san uisce. Thit seanbhean i laige de bharr an teasa agus cuireadh cóir leighis uirthi ar an trá. Ach chuaigh gach duine abhaile slán sábháilte.

## Ceist a Sé (Canúint Uladh)

*Fón ag bualadh...*

**Nuala:** Cad é mar atá tú, a Phóil?

**Pól:** Go breá, a Nuala, go raibh maith agat. An bhfuil scéal ar bith agat?

**Nuala:** Dea-scéal, a Phóil. Tá post faighte agam don samhradh i siopa leabhar san ionad mór siopadóireachta i nDún Dealgan.

**Pól:** Bainfidh tú an-taitneamh as an obair sin.

**Nuala:** Bainfidh cinnte. Is breá liom a bheith ag léamh agus ag caint faoi leabhair. Beidh sé níos fearr ná a bheith ag sclábhaíocht i mbialann nó ag obair ar fheirm.

**Pól:** Tá an t-ádh ort a Nuala. Té sé deacair do rogha post a fháil.

**Nuala:** An bhfuil post samhraidh agat féin go fóill, a Phóil?

**Pól:** Tá. Tá post oíche faighte agam don samhradh.

**Nuala:** A Phóil, ná habair go mbeidh tú ag obair i mbialann nó i dteach tábhairne.

**Pól:** Ní bheidh. Beidh mé ag obair san ollmhargadh i rith na hoíche.

**Nuala:** Agus cén obair a dhéanfaidh tú san ollmhargadh i rith na hoíche?

**Pól:** Beidh mé ag líonadh seilfeanna agus ag ullmhú don chéad lá eile. Tosóidh mé ag obair gach oíche ar a deich a chlog. Críochnóidh mé ar a sé a chlog gach maidin.

**Nuala:** Is dócha go gcaithfidh tú an lá ar fad sa leaba mar sin. Éireoidh tú leisciúil.

**Pól:** Beag an baol a Nuala. Beidh mé amuigh ag imirt sacair ar a trí a chlog gach tráthnóna. Ní raibh mé riamh leisciúil.

### **Ceist a Seacht (Canúint Chonnacht)**

*Ar an bhfón...*

**Máire:** A Liam, ní fhaca mé thú le píosa fada.

**Liam:** Ó a Mháire, bhí mé an-ghnóthach leis an staidéar le mí anuas.

**Máire:** An bhfuil tú gnóthach faoi láthair?

**Liam:** Beidh deireadh leis na scrúduithe Déardaoin. Beidh mé in ann mo scíth a ligean ansin.

**Máire:** Ó go hiontach. An mbeidh tú ábalta cabhrú linn Dé Sathairn mar sin?

**Liam:** Inis dom a Mháire cad a bheidh ar siúl agaibh?

**Máire:** Tá muintir an tsráidbhaile ar fad ag teacht amach Dé Sathairn chun glantachán mór a dhéanamh. Táimid ag iarraidh duais a bhuachan i gcomórtas na mBailte Slachtmhara. An gcabhróidh tú linn, a Liam?

**Liam:** Mise? Cad is féidir liomsa a dhéanamh? An bhfuil tú ag iarraidh orm bruscar a bhailiú? Ní dhéanfaidh mé sin.

**Máire:** Níl mé, a Liam. Táimid ag lorg daoine chun na suíocháin a phéinteáil ag bun an bhaile. Cheap mé go mbeadh fonn ort é sin a dhéanamh.

**Liam:** Déanfaidh mé an obair sin. Is breá liom a bheith ag péinteáil. Ach inis dom, cén obair a dhéanfaidh tusa Dé Sathairn?

**Máire:** Beidh mise ag cur bláthanna an lá ar fad.

**Liam:** An mbuailfimid le chéile ag deireadh an lae?

**Máire:** Cinnte, beidh seisiún ceoil agus rince ar siúl oíche Shathairn sa halla. Beidh fáilte roimh gach duine a chabhraíonn leis an nglantachán.

**Liam:** Cabhróidh mé libh Dé Sathairn mar sin, agus ligfidh mé mo scíth Dé Domhnaigh.

## Ceist a hOcht (Canúint na Mumhan)

*Ar an tsráid...*

- Niamh:** Haigh a Bharra. Cad atá ar siúl agat?
- Barra:** Ó a Niamh, tá mé ag dul go dtí an t-ionad sláinte.
- Niamh:** An bhfuil tú breoite?
- Barra:** Níl, buíochas le Dia, ach caithfidh mé bualadh isteach sula ndúnann siad.
- Niamh:** An gcaithfidh tú oideas a bhailiú ann?
- Barra:** Ní chaithfidh. Caithfidh mé bille a íoc do mo mháthair. Bhí coinne aici leis an dochtúir ar maidin. Ní raibh sí ábalta an bille a íoc nuair a bhí sí ann.
- Niamh:** Cén fáth? An raibh sé an-chostasach?
- Barra:** Bhuel, ní raibh a sparán ina mála aici nuair a tháinig sí amach as seomra an dochtúra. Cheap sí gur chaill sí é.
- Niamh:** Ar fhéach sí sa seomra feithimh?
- Barra:** D'fhéach sí, ach ní raibh an sparán ann. Bhí sí trína chéile, mar ní raibh aon airgead aici.
- Niamh:** Cad a rinne sí ansin?
- Barra:** Chuardaigh sí an carr ach ní raibh an sparán ann. D'imigh sí abhaile ansin. Fuair sí an sparán ar an mbord sa chistin. Bhí sé ar an mbord an t-am ar fad.
- Niamh:** Agus nár imigh sí díreach ar ais chun an bille a íoc?
- Barra:** Níor imigh mar bhí náire an domhain ar mo mham bhocht. D'iarr sí ormsa dul ar ais agus an bille a íoc.
- Niamh:** Bhuel, caithfidh tú brostú nó beidh an rúnaí imithe. Slán.

Blank Page

Blank Page

